An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

Treoir do thuismitheoirí

Scéim na Leabhar Bunscoile

2026/27

Réamhrá

D'fhéadfadh sé a bheith costasach do thuismitheoirí/chaomhnóirí leabhair scoile agus acmhainní ranga a cheannach. Le trí bliana anuas, tá maoiniú curtha ar fáil do scoileanna chun leabhair scoile, leabhair oibre agus cóipleabhair a cheannach do pháistí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

Míneofar sa bhileog seo conas a reáchtáiltear an scéim agus tabharfar freagraí ar roinnt ceisteanna coitianta.

Scéim na Leabhar Scoile Bunscoile

Is scéim mhaoinithe í Scéim na Leabhar Scoile Bunscoile ina soláthraíonn an Roinn Oideachais agus Óige maoiniú do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta aitheanta sa Scéim Saoroideachais chun leabhair scoile, leabhair oibre agus cóipleabhair a cheannach.

Faoin scéim, ceannaíonn scoileanna leabhair ar an mórchóir agus is leo na leabhair scoile. Ansin, cuireann an scoil a leabhair scoile ar fad ar iasacht do gach scoláire ag tús na scoilbhliana.

Ciallaíonn sé sin nach n-íocfaidh tuismitheoirí scoláirí bunscoile as costas na leabhar scoile, na leabhar oibre agus na gcóipleabhar.

Conas a fheidhmíonn an scéim

Cuirfidh an scoil na leabhair scoile, na leabhair oibre agus na cóipleabhair atá clúdaithe ag an scéim ar fáil do do pháiste/do pháistí. Tá sé tábhachtach go dtugann do pháiste aire chúramach do na leabhair toisc go mbaineann siad leis an scoil. Tá cead ag scoláirí leabhair scoile agus acmhainní a thabhairt abhaile chun obair bhaile a dhéanamh agus ionas gur féidir leat fanacht i dteagmháil le hoideachas do pháiste.

Ag deireadh na bliana scoile, tugann do pháiste na leabhair ar ais don scoil i riocht maith. Ní mór iad a thabhairt ar ais freisin má fhágann do pháiste an scoil.

Ceadaítear eisceacht sa chomhthéacs seo sa chás go bhfuil riachtanas speisialta oideachais ag an scoláire agus sa chás go mbeadh tabhairt ar ais éigeantach earraí faoin scéim mar bhonn le míshuaimhneas míchuí don scoláire atá i gceist.

Cad a chlúdaíonn an scéim

Is leabhair scoile iad téacsleabhair (lena n-áirítear ríomhleabhair) agus leabhair oibre a úsáideann daltaí i scoileanna. Cuimsíonn sé cóipleabhair freisin.

Is féidir acmhainní breise ranga a chlúdach faoin scéim má tá maoiniú barrachais ag scoil. D'fhéadfadh pinn agus pinn luaidhe nó earraí eile ar nós foclóirí, tacair mhatamaitice nó dialann scoile a bheith san áireamh leis seo. Ní mór do scoileanna faisnéis a chur ar fáil do thuismitheoirí faoi na rudaí a thabharfar agus nach dtabharfar do scoláirí.

Tá sonraí iomlána ar fáil ag gov.ie/schoolbookschemes

Conas is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí tacú leis an scéim

Ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí a mheabhrú dá bpáistí go bhfuil na leabhair scoile ar iasacht ón scoil. Ní mór do scoláirí aire mhaith a thabhairt dá leabhair scoile agus dá n-acmhainní ranga agus iad a choinneáil i riocht maith i rith na bliana ionas gur féidir iad a athúsáid sna blianta amach anseo.

Príomheolas

1. Conas páirt a ghlacadh sa scéim

Ní gá do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí iarratas a dhéanamh ar an maoiniú seo. Íoctar maoiniú go díreach le scoileanna.

2. Míreanna atá clúdaithe ag an Scéim

Gach leabhar scoile – áirítear leis sin gach téacsleabhar, lena n-áirítear ríomhleabhair, agus leabhair oibre a chinneann scoileanna de réir mar is gá do gach rang.

Clúdaítear cóipleabhair faoin scéim freisin.

3. Acmhainní eile don seomra ranga atá clúdaithe

D'fhéadfadh maoiniú a bheith fágtha ag scoileanna tar éis gach leabhar scoile, leabhar oibre agus cóipleabhar a chur ar fáil. Sa chás sin, is féidir leis an scoil rogha a dhéanamh acmhainní breise sa seomra ranga a chur ar fáil a cheannaigh tuismitheoirí roimhe seo.

4. Athsholáthar leabhar atá caillte nó a bhfuil damáiste déanta dóibh

Is ceist í do gach scoil cinneadh a dhéanamh maidir le hathsholáthar leabhar atá caillte nó a bhfuil damáiste déanta dóibh. Níl cead ag scoileanna éarlais a ghearradh ar thuismitheoirí chun páirt a ghlacadh i Scéim na Leabhar Bunscoile.

5. Míreanna nach gclúdaítear faoin scéim

Ní chlúdaítear na míreanna seo a leanas faoin scéim:

- Trialacha inniúlachta
- Ceachtanna snámha agus gníomhaíochtaí scoile eile, mar shampla, Eolaí Óg, comórtais eile
- Costas a bhaineann le turais scoile
- Árachas
- Gléasanna digiteacha
- Míreanna a mhaoinítear faoi dheontas eile (Deontas Teicneolaíochta Cúnta, deontas TFC)

6. Míreanna ar féidir le Scoileanna táille a ghearradh ina leith

Ní féidir le scoileanna táille a ghearradh ort as leabhair scoile, leabhair oibre ná cóipleabhair mar go bhfuil na míreanna seo clúdaithe faoin scéim.

Is féidir le scoileanna táille a iarraidh ar chostais dhíreacha (fótachóipeáil, acmhainní breise eile sa seomra ranga) agus rudaí breise roghnacha (amhail turais nó gníomhaíochtaí seach-churaclaim). Is míreanna iad seo nach gcuirtear ar fáil faoin scéim na leabhar scoile (féach pointe 6). Is féidir le scoil ranníocaíochtaí deonacha a iarraidh ach ní féidir leo a bheith éigeantach agus ní féidir leo cosc a chur ar an scoil leabhair scoile, leabhair oibre agus cóipleabhair a sholáthar do pháiste.

Príomhphointí Eolais

7. Conas ceist a ardú leis an scoil

Tá an bord bainistíochta/BOO freagrach as an scéim a reáchtáil sa scoil.

Má tá aon imní nó aon cheist agat faoin scéim, ba chóir duit teagmháil dhíreach a dhéanamh le scoil do pháiste.

Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra ón scoil, d'fhéadfadh go mbeadh próiseas gearán foirmiúil ag an scoil. Is féidir é seo a iarraidh ón scoil agus ba chóir é a leanúint agus aon ghearán á dhéanamh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar leathanach gréasáin gov.ie: **gov.ie/en/policy-information/parental-complaints/**

8. Aiseolas ar do thaithí ar an scéim

Fáiltíonn an roinn roimh aiseolas ar thaithí tuismitheoirí ar an scéim.

Gach bliain eisíonn an roinn suirbhé comhairliúcháin chuig scoileanna le roinnt le tuismitheoirí. Is féidir le tuismitheoirí an suirbhé a chomhlánú ansin chun aiseolas a roinnt ar a dtaithí ar an scéim.
Déanfar nasc leis an suirbhé seo a uaslódáil chuig Mol Faisnéise Scéim na Leabhar Scoile nuair a bheidh an suirbhé oscailte.

De rogha air sin, is féidir aiseolas a chur ar fáil i rith na bliana trí ríomhphost a sheoladh primaryschoolbooks@education.gov.ie